



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Iosta DART+

An Rogha Roghnaithe

Bróisiúr Comhairliúcháin Phoiblí

Clár Ábhair

1	Réamhrá don Chlár DART+	4
2	Tionscadal Iosta DART+	10
3	Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí	12
4	Stádas Dearaidh Reatha	14
5	Próiseas Roghnúcháin Rogha	16
5.1	Roghnú an tSuímh Iosta	17
5.1.1	Roghnúchán Déraonaithe Mhaigh Nuad go Cill Choca	18
5.1.2	Modhnuithe ar Stáisiún Chill Choca	18
6	Príomhghnéithe Bonneagair an Rogha Roghnaithe	20
6.1	Oibreacha Líneacha Ginearálta	21
6.2	Idirghabhálacha ag Droichid	21
6.3	Iosta siar ó Chill Choca	22
6.4	Déraonú Mhaigh Nuad go Cill Choca	23
6.5	Stáisiún Chill Choca	24
7	Saincheisteanna le Breathnú	28
8	Céad Chéimeanna Eile	30
9	Conas páirt a ghlacadh	32



1

Réamhrá don Chlár DART+

1. Réamhrá don Chlár DART+

Cuimsíonn an Clár DART+ sraith tionscadal bunathraithe a dhéanfaidh nuachóiriú agus feabhsú ar na seirbhísí iarnróid reatha i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Le seo, forbraítear an gréasán DART reatha ó 50 km ar fad go dtí os cionn 150 km trí leictriúchán agus uasghrádú na línte reatha a athraíonn taisteal iarnróid comaitéireachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis an gClár DART+ freisin flít traenach nua a cheannach.

Cuirfidh an clár seirbhísí leictrithe rialta, inbhuanaithe ar fáil ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath (Conghaile & Duga Spencer) go dtí:

- Cill Choca & Bealach na Páirce M3;
- Colchoill & Cill Droichid;
- Droichead Átha; agus
- Na Clocha Liatha.

Is príomhfheabhsúchán iompair é DART+ chun córas iompair phoiblí ardchaighdeán agus comhtháite a chumasú. Soláthróidh sé tairbhí do chónaitheoirí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus dóibh siúd a chónaíonn i réigiúin in aice láimhe. Cabhróidh sé le bonneagar iompair inbhuanaithe a sholáthar agus le leas sochaíoch dá bharr do na glúine atá ann faoi láthair agus do na glúine atá le teacht.

Féachfaidh DART+ le húsáid na gconairí iarnróid reatha a uasmhéadú agus clár nuachóirithe a chur i bhfeidhm chun an méadú acmhainne is gá a bhaint amach chun freastal ar éilimh reatha agus éilimh amach anseo.


Tá an Comhairliúchán Poiblí seo chun a chur in iúl duit go bhfuil próiseas roghnúcháin roghnaithe déanta chun an suíomh roghnaithe a aithint le haghaidh iosta nua a theastaíonn chun an Clár DART+ a éascú.



Áirítear ar phríomhchodanna Chlár DART+:

- Déraonú, leictriú agus athchomharthaíocht Líne Chomaitéireachta an Iarthair go Cill Choca, agus modhnuithe ar Stáisiún Chill Choca reatha;
- Seirbhísí DART+ a sholáthar do na pobail atá ann faoi láthair agus do na pobail amach anseo i gcomharsanacht Chill Choca, líne Bhealach na Páirce M3, Líne Bhéal Feirste idir Baile Átha Cliath agus Droichead Átha, agus modhnuithe bonneagair ar Líne Bhaile Átha Cliath-Ros Láir idir na Clocha Liatha agus Lár Chathair Bhaile Átha Cliath chun borradh a chur faoin acmhainn, Líne Bhaile Átha Cliath-Corcaigh idir Ceantar Dugaí Bhaile Átha Cliath agus Collchoill (thart ar 150km ar fad);
- Feabhsuithe acmhainne ag Stáisiún Uí Chonghaile (le modhnuithe ar acomhail agus ar an stáisiún) chun méadú ar thréachur na dtraenacha agus ar líon na bpaisinéirí trí Stáisiún Uí Chonghaile a éascú;
- Stáisiún Duga Spencer nua a sholáthar, a fhreastalóidh níos fearr ar cheantar na nDugaí thuaidh agus a fheabhsóidh an t-aistriú leis an Luas;
- Crosairí comhréidhe a dhúnadh agus droichid athsholáthair a sholáthar nuair is gá;
- Idirghabhálacha ag droichid reatha thar an líne iarnróid i gcás nach bhfuil dóthain imréitigh ann don trealamh leictriúcháin lastuas;
- Fostáisiúin leictreacha, foirgnimh threalaimh agus gach obair shibhialta agus choimhdeach eile is gá chun freastal ar an gclár; agus
- Tógáil saoráidí losta DART+ den scoth le freastal ar chothabháil agus pháirceáil (cobhsú) traenacha.

- Déanfar na príomhchodanna seo de chuid Chlár DART+ a sheachadadh trí na tionscadail seo a leanas:
- **DART+ an Iardheiscirt – Collchoill & Cill Droichid go Lár na Cathrach:** Deonaíodh Ordú Iarnróid i mí na Samhna 2024.
 - **DART+ an Chósta Thuaidh – Droichead Átha go Lár na Cathrach:** Deonaíodh Ordú Iarnróid i mí Lúnasa 2025.
 - **DART+ an Chósta Theas – Na Clocha Liatha go Lár na Cathrach:** Reáchtáladh Comhairliúchán Poiblí ar an Rogha Roghnaithe do Chéim 1 de DART+ Cósta Theas chun minicíocht na seirbhísí traenach idir Bré agus na Clocha Liatha a mhéadú i ngeimhreadh 2025.
 - **Flít DART+ – Flít Traenach Nua a Cheannach Chun Seirbhísí Traenach a Mhéadú:** Tá foráil ag Iarnród Éireann suas le 750 feithicil leictreach/ceallra leictreach a choimisiúnú thar amscála 10 mbliana. Ordaíodh go dtí seo do 185 feithicil Flít DART+ chun oibriú ar an ngréasán. Tá an chéad cheann de na traenacha seo tagtha go hÉirinn agus tá siad i gcéim na tástála agus an choimisiúnaithe.
- DART+ an Iarthair – Má Nuad agus Bealach na Páirce M3 go Lár na Cathrach:** Deonaíodh Ordú Iarnróid i mí Iúil 2024. Bhí iosta beartaithe roimhe seo ag suíomh siar ó Mhaigh Nuad, mar chuid de thionscadal DART+ an Iarthair, ach bhain an Bord Pleanála (An Coimisiún Pleanála anois) an t-iosta den Ordú Iarnróid ceadaithe trí mhodhnú. Cuireadh tús le próiseas nua chun Rogha Roghnaithe nua a aithint don losta DART+ atá molta agus mar thoradh air sin roghnaíodh suíomh siar ó Chill Choca. Déantar cur síos breise ar an tionscadal seo i Roinn 2 agus is ábhar don Chomhairliúchán Poiblí seo é.



An fáth a bhfuil gá le hinfheistíocht i gClár DART+

Soláthraítear Roghanna Iompair Inbhuanaithe

- Ró-spleáchas ar úsáid gluaisteáin príobháideach agus brú tráchta méadaithe in GDA.
- Tá DART+ níos inbhuanaithe agus níos glaine ná traenacha díosail reatha.



Spriocanna um Athrú Aeráide a Bhaint Amach

- Cabhrófar le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san earnáil iompair, a leanann de bheith ag ardú.
- Tacú le Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide.

Tacú le Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide.

- Tá an brú tráchta in GDA ag méadú.
- Ba é an Costas Ama a Cailleadh in GDA ná €358 milliún in 2012 tuartha go n-ardóidh sé go €2.08 billiún faoi 2033.
- Cothóidh bonneagar iompair phoiblí inbhuanaithe (coisithe, rothaíochta, bus agus iarnróid) fás eacnamaíoch agus daonra agus laghdófar astaíochtaí ag an am céanna.

Comhtháthú um Úsáid Talún & Pleanáil Iompair

- Comhordú agus comhtháthú na pleanála spásúlachta le hiompar iarnróid.
- Tacú le fás dlúth agus dlús méadaithe in GDA.
- Tacaítear le cur i bhfeidhm Thionscadal Éireann 2040 agus an Creat Náisiúnta Pleanála.

Éascaítear Comhtháthú le modhanna eile Iompair

- Feabhsaítear comhtháthú seirbhísí iarnróid le gach modh taistil (rothaíocht, agus siúl).
- Cumasaítear turais thrasmhódúla níos mó trí chomhtháthú níos fearr le modhanna eile – Bus, Luas, agus MetroLink.





2. Tionscadal Iosta DART+

Cuimsíonn an Clár DART+ sraith tionscadal bunathraithe a dhéanfaidh nuachóiriú agus feabhsú ar na seirbhísí iarnróid reatha i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Fásfaidh an gréasán DART reatha ó 50 km ar fad go dtí os cionn 150 km trí leictriúchán agus uasghrádú na línte reatha a athraíonn taisteal iarnróid comaitéireachta in GDA. Áirítear leis an gClár DART+ freisin flit traenach nua a cheannach.

Ceapadh an tionscadal Iosta DART+ chun seachadadh an iosta agus an bhonneagair ghaolmhair a éascú. Mar thoradh ar an suíomh roghnaithe a bheith aitheanta ar an taobh thiar de Chill Choca, áireofar leis an tionscadal leictriú agus déraonú ar an líne ó Mhaigh Nuad go dtí an taobh thiar de Chill Choca, lena n-áirítear modhnuithe ar Stáisiún Chill Choca, Seirbhísí DART+ a leathnú go Cill Choca agus an réiteach déraonaithe ag Droichead Jackson.

Tá an Clár DART+ cuimsithe i dTionscadal Éireann 2040, sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2017 go 2028, sa Straitéis Iompair um Creat Náisiúnta Pleanála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2015-2035 agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025.

Cuspóirí an Tionscadail

Bunaíodh an tionscadal Iosta DART+ chun seachadadh iosta a éascú don Ghréasán DART+ atá molta, lena n-áirítear na príomhchuspóirí seo a leanas:

- Áiseanna cothabhála agus stáblaíochta a sholáthar chun an acmhainn mhéadaithe a éascú agus seirbhís leictirthe iontaoifa a sholáthar a bhaineann leis an gClár DART+.
- Réiteach iompair deartha atá inbhuanaithe, ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an mbonneagar iarnróid reatha mar aon le hidirghabhálacha spriocdhírthe chun deireadh a chur le srianta acmhainne.
- Iosta a sheachadadh a fhreastalaíonn ar éilimh Shonraíocht Seirbhíse Traenach Clár DART+.

- Tionchair dhíobhálacha ar sheirbhísí iarnróid reatha, ar úsáideoirí bóithre agus ar úinéirí talún a bhaineann le tógáil, oibriú agus cothabháil na forbartha molta a íoslaghdú.
- Réitigh cost-éifeachtúla a shainnithint ó thaobh caipitil, oibrióchtaí agus cothabhála de.

Buntáistí an Iosta DART+

Tá na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an Iosta DART + liostaithe thíos:

- Éascaítear cur chun feidhme an Chláir DART+ ar fud Gréasán DART ar fad.
- Deiseanna taistil níos éasca chun críocha oibre, oideachais nó fóillíochta.
- Éascaítear forbairt agus fás na bpobal reatha agus na bpobal nua amach anseo a bhainfidh leas mór as an nascacht a sheachadfaidh DART+ feadh na líne.
- Réigiún Cathrach inbhuanaithe agus nasctha a thógáil. Tacú leis an aistriú chuig sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.
- Daoine a éascú chun roghanna taistil inbhuanaithe a dhéanamh trí aistriú ó ghluasteáin phríobháideacha a spreagadh chuig gréasán iompair phoiblí atá iontaoifa, éifeachtach agus níos sábháilte.
- Feabhas a chur ar iontaofacht amanna turais.
- Síntear na seirbhísí DART+ go Cill Choca chun freastal ar na pobail reatha agus a bheidh ann amach anseo i gcomharsanacht Chill Choca.



3

Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

3. Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

Tá rannpháirtíocht an phobail le linn an phróisis deartha ina príomhghné de sheachadadh mórtionscadail bhonneagair ar nós losta DART+. Tá aiseolas á lorg ag an tionscadal seo anois maidir leis an ‘Rogha Roghnaithe’.

Is é an comhairliúchán seo ár mbealach chun iarraidh ort, mar úsáideoirí féideartha na seirbhísí feabhsaithe nó iad siúd ar dóigh dóibh tionchar a bheith acu ar a bhforbairt, do thuairimí ar ár bpleananna, agus an próiseas deartha gníomhach. Cuirfidh d’eolas agus do thuairimí áitiúla eolas ar fáil don dearadh is fearr chun cabhrú linn an tionscadal a fheabhsú agus a chinntiú go n-éireoidh leatsa agus leis na pobail ar a bhfreastalóidh sé.

Cuirtear fáilte roimh rannpháirtíocht an phobail agus spreagtar í le linn an phróisis forbartha deartha, a thabharfaidh deis duit féin, an pobal, foghlaim faoin dearadh de réir mar a fhorbraíonn sé agus aiseolas a sholáthar a bheidh mar bhonn eolais do na chéad chéimeanna eile de réir mar is cuí. Léirítear an dá phríomhchéim rannpháirtíochta/ aiseolais poiblí mar chuid d’fhorbairt an tionscadail i bhfoirm ghrafach thíos agus áirítear orthu:

- Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil ar an Rogha Roghnaithe (R1 2026 – An Chéim Reatha)
- Comhairliúchán Reachtúil mar chuid den phróiseas iarratais ar Ordú Iarnróid (R4 2026)

Glacfar le haiseolas ón bpobal le linn gach céime den fhorbairt dearaidh agus is féidir é a chur isteach trí shuíomh gréasáin an tionscadail, seoladh r-phoist, líne fóin nó trí chomhfhreagras scríofa.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach an roinn **Conas páirt a ghlacadh**’.

Tugann Iarnród Éireann cuireadh don phobal a bheith páirteach sa phróiseas deartha agus tá fáilte roimh gach aiseolas






4. Stádas Dearaidh Reatha


Míníonn an bróisiúr seo stádas dearaidh reatha an tionscadail, na buntáistí a bhaineann leis, na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann, agus conas is féidir leat do cheisteanna agus do mholtaí a chur chugainn.

Tá an próiseas roghnúcháin rogha don tionscadal Iosta DART + críochnaithe den chuid is mó, agus táimid ag céim thábhachtach den tionscadal. Forbraíodh an dearadh go leibhéal sách ard mionsonraithe chun a chinntiú go bhfuil an chinnteoireacht maidir le roghnúchán rogha bunaithe ar an eolas, agus chun a chinntiú gur féidir leibhéal cuí mionsonraí a chur i láthair an phobail agus na bpáirtithe leasmhara atá buailte leis.

Sula leanfaimid ar aghaidh leis an dearadh, ba mhaith linn do thuairimí a fháil ar ghnéithe den Rogha Roghnaithe don Tionscadal Iosta DART+ molta atá á mholadh ag Iarnród Éireann mar chuid den phróiseas seo.

Le tuilleadh staidéir, measúnachta, forbairt dearaidh agus athbhreithniú ar d'aiseolas ar an rogha roghnaithe, beifear in ann an rogha roghnaithe a athscagadh agus a fhorbairt mar chuid den tionscadal. Críochnóidh an tionscadal le Dréacht-Ordú Iarnróid a chur faoi bhráid An Coimisiún Pleanála, de réir an Achta Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (arna leasú). Tá sé seo riachtanach chun toiliú tógála a fháil. Táthar ag súil faoi láthair go ndéanfar an Dréacht-Ordú Iarnróid a chur faoi bhráid An Coimisiún Pleanála lena cheadú i bhFómhar 2026. Is gnéithe riachtanacha iad do rannpháirtíocht agus d'aiseolas chun toradh an dearaidh a dheimhniú, chun bonn eolais a thabhairt don measúnacht timpeallachta agus chun cur chun cinn na scéime atá molta a éascú i gcomhairle leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.





Achoimre ar an bPróiseas Roghnúcháin Rogha

5. Próiseas Roghnúcháin Rogha

5.1 Roghnú an tSuímh Iosta

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin suímh don iosta, sainaithníodh limistéar staidéir tosaigh inar cumhdaíodh limistéar iomlán an gréasán Chlár DART+ atá molta. Ina theannta sin, áiríodh crios 10km feadh an iarnróid agus níos faide ná méid an ghréasáin clár atá beartaithe chun a áirithiú go n-áireofaí suíomhanna féideartha leordhóthanacha sa cheantar máguaird.

Scrúdaíodh an limistéar staidéir iomlán chun suíomhanna féideartha a shainaithint, eadhon iad siúd atá in aice leis an iarnród, le limistéar 30 heicteár (ha) ar a laghad agus forbairt chónaithe theoranta, ionas go gcomhlíonann siad na híoscheanglais mhéide le haghaidh iosta. Aithníodh 50 suíomh san iomlán.

Rinneadh na 50 suíomh seo a scagadh ansin bunaithe ar chuspóirí an tionscadail. Mar thoradh ar an bpróiseas scagaidh aithníodh liosta fada na suíomhanna féideartha.

Critéir Mheasúnaithe

Rinneadh measúnú ar na roghanna fadliosta don iosta trí úsáid a bhaint as próiseas anailíse ilchritéar (MCA) atá ailínithe le Creat Breithmheasa Iompair (TAF) na Roinne Iompair (DoT). D'fhoilsigh DoT an leagan is déanaí de TAF an 30 Aibreán 2025 agus is é an creat breithmheasa é chun measúnú a dhéanamh ar gach tionscadal a bhaineann le hiompar sa tír.

Rinneadh an MCA faoi na seacht gcritéar TAF mar seo a leanas:

- Sochair Úsáideora Iompair agus ;Tionchair Eacnamaíochta Eile
- Tionchair Inrochtaineachta;
- Tionchair Shóisialta;
- Tionchair Úsáide Talún;
- Sábháilteacht;
- Tionchair um Athrú Aeráide; agus
- Tionchair Timpeallachta Áitiúla.

Baineadh úsáid as córas scórála 7 bpointe na Roinne Iompair le haghaidh breithmheasanna iompair, mar a leagtar amach i Modúl 7-Treoir Shonraithe na Roinne Iompair maidir le Taighde Straitéiseach agus Anailís Straitéiseach ar Theicnící Breithmheasa, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar gach rogha suímh iosta i gcoibhneas leis an timpeallacht bhonnlíne.

Rinneadh anailís ilchritéar dhá chéim ar an bhfadliosta roghanna a bhí ailínithe le TAF. Bhain MCA Chéim 1 le measúnú a dhéanamh ar an bhfadliosta roghanna chun gearrliosta roghanna a aithint. Chuaigh na roghanna ar an ngearrliosta ar aghaidh chuig MCA Chéim 2 a raibh measúnú roghnúcháin suímh níos mionsonraithe i gceist leis chun Rogha Roghnaithe a chinneadh.

Tar éis do Chéim 1 den MCA a bheith críochnaithe, chuaigh dhá rogha, feadh líne Mhaigh Nuad, ar aghaidh go Céim 2 MCA. Tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar an dá rogha suímh ionchasacha deiridh, aithníodh suíomh siar ó Chill Choca mar an Rogha Roghnaithe.

5.1.1 Roghnúchán Déraonaithe Mhaigh Nuad go Cill Choca

Tar éis an suíomh iosta Roghnaithe a roghnú siar ó Chill Choca, tugadh faoi phróiseas roghnúcháin rogha chun measúnú a dhéanamh ar na roghanna féideartha chun rian breise a sholáthar idir Maigh Nuad (ó OBG 21A) agus siar ó Chill Choca. Is dúshlán mór don leictriú é Droichead Jackson OBG23, Struchtúr faoi Chosaint (RPS uimh. B05-36) toisc nach bhfuil glanspás leordhóthanach ann chun línte lasnairde faoi bhun an droichid a cheadú.

Rinneadh measúnú ar chúig rogha le haghaidh déraonú lena n-áirítear roghanna ar an líne agus ar leataobh ón trácht araon ag suíomh Dhroichead Jacksons agus sainaitníodh an Rogha Roghnaithe mar rogha ar leataobh ón trácht ó dheas ó Dhroichead Jackson, féach Roinn 6.4.



Droichead Jackson, a iompraíonn bóthar áitiúil L5041 atá ann cheana thar an líne iarnróid agus thar an gCanáil Ríoga

5.1.2 Modifications to Kilcock Station


Toisc go bhfuil an suíomh iosta roghnaithe siar ó Chill Choca, is gá an líne a leictriú ó Mhaigh Nuad go dtí an iosta agus socraíodh mar sin na seirbhísí DART+ a leathnú go stáisiún Chill Choca. Mar sin féin, níl ach rian agus ardán amháin ag stáisiún Chill Choca faoi láthair agus, tá sé suite ar chuar agus ní bheadh sé in ann freastal ar dhéraonú gan modhnuithe. Tá droichead rochtana do choisithe le hardaitheoirí molta freisin chun gluaiseacht idir ardáin a cheadú. Mar thoradh ar phróiseas roghnúcháin roghanna rinneadh trí rogha a mheas agus ansin cuirtear an Rogha Roghnaithe i láthair i Roinn 6.5. Éilíonn na modhnuithe seo ardán thuaidh a thógáil agus síneadh agus mionathruithe ar an ardán reatha.



Radharc ar Stáisiún Chill Choca atá ann faoi láthair ó Dhroichead Sheá



Radharc ar Stáisiún Chill Choca atá ann faoi láthair ó Dhroichead Sheá



6

Príomhghnéithe Bonneagair an Rogha Roghnaithe

6. Príomhghnéithe Bonneagair an Rogha Roghnaithe

Thug na staidéir ar roghnúchán roghanna atá leagtha amach thuas eolas maidir le sainaitint an Rogha Roghnaithe don tionscadal. Déantar cur síos thíos ar phríomhghnéithe tionscadail an Rogha Roghnaithe.

6.1 Oibreacha Líneacha Ginearálta

Beidh gá le nuachóiriú agus modhnuithe ar an líne iarnróid/oibreacha líneacha reatha siar ó Stáisiún Mhaigh Nuad go baile fearainn Bhaile an Bhúisigh, siar ó Chill Choca. I measc cuid de na príomhoibreacha bonneagair a bheidh ag teastáil tá:

- Trealamh déraonaithe agus leictirthe lasnairde feadh mhéid iomlán na líne iarnróid. Beidh sé seo cosúil ó thaobh stíle leis an stíl a úsáidtear faoi láthair ar an nGréasán DART reatha;
- Beidh fostáisiún leictreach ag teastáil feadh an iarnróid chun cumhacht a sholáthar don ghréasán;
- Modhnuithe comharthaíochta feadh na coda iomlán den iarnród ó Mhaigh Nuad go dtí an Crosaire Comhréidh siar ó bhealach isteach an losta;
- Beidh gá le hathruithe ar fhóntais atá ann cheana féin, cóireálacha teorainn, oibreacha draenála, bainistíocht fásra agus oibreacha coimhdeacha eile ar feadh an tionscadail;

6.2 Idirghabhálacha ag Droichid

Tá gá le hoibreacha ag roinnt droichid iarnróid atá ann cheana chun na himréitigh is gá a fháil don déraonú agus don trealamh líne lasnairde (OHLE) mar a leanas:

- Droichead Jackson OBG23 – níl aon athruithe ag teastáil. Athailíniú iarnróid ó dheas ón droichead atá ann cheana ar chlaífort nua os cionn leibhéil tuilte, agus nasc bóthair L5041 a athsholáthar ar ailíniú bóthair nua siar ón L5041 atá ann cheana ag Droichead Jackson;
- Droichead Baileys OBG24 – na huchtbhallaí a ardú go 1.8m ar airde;
- Droichead Sheá OBG25 – níl aon athruithe ag teastáil;
- Droichead Alain OBG26 – atógáil an droichid iarnróid le ballaí coinneála feadh chur chuige an oirthir chun freastal ar an déraonú, ar an leictriúchán agus ar an ísliú riain.




Conair Líne Iarnróid

6.3 Iosta siar ó Chill Choca

Tá an t-iosta molta suite ar an líne DART+ an Iarthair díreach siar ó Chill Choca. Úsáidfear é le haghaidh cothabháil traenach agus páirceáil traenach (stáblaíocht) a bhaineann leis an bhflít nua agus leis an bhflít reatha de thraenacha leictreacha. Éascóidh sé an Clár DART+ a sholáthróidh roghanna iompair inbhuanaithe do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath.

Cuimseoidh an t-iosta atá molta foirgneamh iosta, seid cothabhála, oifigí, nigh traenach uathoibríoch, aonad cigireachta feithiclí uathoibríoch, áiseanna seirbhíse agus áiseanna cothabhála eile. Áireofar leis rian tástála, stáblaíocht do thraenacha, fostáisiún leictreach, foirgneamh slándála agus páirceáil gluasteán agus rothar. Idir Maigh Nuad agus an iosta, déanfar an rian aonlíne atá ann cheana a uasghrádú go dtí cuid déraonaithe.



Leagan Amach Iosta Molta

Beidh an rian nua seo suite comhthreomhar le agus ó thuaidh den rian atá ann cheana siar ó Dhroichead Alain.


Cuirfear trí phointe rochtana bóthair ar fáil do shuíomh an iosta; rochtain acomhal tosaíochta amháin ag an gcomhdhúil CCÉ (Príomhinnealtóir Sibhialta), rochtain tosaíochta eile ar acomhal chun nasc a sholáthar leis an R148 agus ar aghaidh go dtí an M4, agus bóthar rochtana éigeandála ag ceann thiar an iosta. Feidhmeoidh an bóthar rochtana ar an taobh thiar den iosta mar phríomhbhealach isteach chuig an iosta le haghaidh feithiclí troma a iompraíonn flít nua.

Chun tógáil an iosta a éascú, déanfar cuid de bhóthar áitiúil an L5027 reatha a atreorú chun rochtain a choinneáil ag Loc an Fhearainn.

6.4 Déraonú Mhaigh Nuad go Cill Choca


Éileoidh an tionscadal go gcuimseofar déraonú idir Maigh Nuad agus an iosta chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach.

Tá Droichead Jackson suite siar ó Mhaigh Nuad, áit a dtrasnaíonn bóthar áitiúil L5041 an t-iarnród agus an chanáil agus a dtrasnaíonn An Laidhrín faoin líne iarnróid chomh maith leis an gCanáil Ríoga. Is struchtúr faoi chosaint é agus tá sé san áireamh i dtaifead na struchtúr faoi chosaint do Chomhairle Contae Chill Dara.



Réiteach déraonaithe nua ag droichead Jackson


Is é an Rogha Roghnaithe don déraonú ná cuid nua de rian a thógáil ar chlaifort ó dheas ó Dhroichead Jackson, ag trasnú bóthar áitiúil L5041 ach ag seachaint tionchair dhíreacha ar an struchtúr cosanta seo. Atreorófar an L5041 siar ón mbóthar atá ann faoi láthair agus taistealóidh sé thar na línte iarnróid nua agus reatha agus an Chanáil Ríoga trí dhroichead nua. Tá T-acomhal nua molta do bhóthar áitiúil L5041 chun nascadh le bóthar réigiúnach an R148. Déanfar an R148 atá ann faoi láthair a athailíniú thar achar gairid de thart ar 400 méadar.



Trasghearradh tipiciúil den déraonú agus den líne iarnróid leictirithe ag droichead Jackson

6.5 Stáisiún Chill Choca

Tá déraonú i gceist leis na hoibreacha atá molta ar Stáisiún Chill Choca reatha, ardán nua thuaidh a thógáil chun freastal ar an rian breise, agus ardán an stáisiúin reatha a athlonnú soir ó Dhroichead Sheá. Aistreofar an t-ardán theas atá ann faoi láthair thart ar 120 méadar i dtreo an oirthir. Coinneofar bealach isteach an stáisiúin atá ann faoi láthair, agus coigeartófar ailíniú an riain faoi Dhroichead Sheá chun an déraonú a éascú gan cur isteach ar an droichead. Beidh na hardáin suas le 3 mhéadar ar leithead. Áireofar leis an Rogha Roghnaithe droichead rochtana do choisithe a chuirfear in airde os cionn na rianta. Áireofar ar an droichead ardaitheoirí chun rochtain a sholáthar do gach duine a bhfuil riachtanais éagsúla soghluaisteachta acu. Nascfaidh ardán theas an stáisiúin atá molta go díreach leis an bpointe rochtana chuig an gcarrchlós chun an t-achar siúil do phaisinéirí a íoslaghdú. Chun athlonnú na n-ardán soir a éascú, beidh tionchar aige



Leagan Amach Stáisiúin Chill Choca atá Molta

seo ar Chlub Póló Cánú Chill Choca atá ann cheana chomh maith, agus beidh tuilleadh machnaimh le déanamh mar chuid den phróiseas deartha leanúnach dá bharr.

Beidh gá le trasnaisc nua, siar agus soir ó ardáin an stáisiúin, chun gluaiseacht traenacha a cheadú i ngach cumraíocht riachtanach, mar go bhfeidhmeoidh Stáisiún Chill Choca mar stáisiún ceann scríbe nuair a bheidh an tionscadal curtha i bhfeidhm. Cuirfear taobhlach nua, thart ar 450 méadar siar, ar fáil chun na gluaiseachtaí aisfhillte riachtanacha a cheadú.

Tá sé molta freisin páirceáil bhreise do ghluaisteáin agus do rothair a chur ar fáil ag Stáisiún Chill Choca.




Amharcléirithe ar na modhnuithe atá molta ag Stáisiún Chill Choca



Amharcléirithe ar na modhnuithe atá molta ag Stáisiún Chill Choca

Fairsinge na Rogha Roghnaithe



7. Saincheisteanna le Breathnú

Déanfar gach iarracht is féidir chun aghaidh a thabhairt go híogair ar shaincheisteanna agus ar dhúshláin a bhaineann leis an tionscadal ag na céimeanna is luaithe den phróiseas deartha agus den chomhairliúchán poiblí. Tá roinnt saincheisteanna féideartha sonraithe thíos, agus cabhróidh na céimeanna comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara linn tuiscint níos fearr a fháil ar roinnt de na saincheisteanna agus na dúshláin atá romhainn.

Fáil Réadmhaoine

Beidh gá le fáil talún i gcás ina mbeidh gá le hidirghabhálacha agus modhnuithe lasmuigh den chonair iarnróid reatha, eadhon ag an iosta atá molta, déraonú ag Droichead Jackson agus ag an bhfostáisiún atá molta. Táimid ag tabhairt faoi chlár fairsing comhairliúcháin anois leis na húinéirí réadmhaoine a d'fhéadfadh dul i gcion orthu agus más dócha go mbeidh tionchar díreach ag na hoibreacha ar do réadmhaoín ba chóir go mbeadh cloiste agat uainn cheana féin. Beidh ár nOifigeach Idirchaidrimh don Phobal ar fáil le linn an phróisis lena chinntiú go bhfuil tú á choinneáil ar an eolas go rialta ar na moltaí reatha, agus go gcuirfear do thuairimí san áireamh agus an rogha roghnaithe á chur chun cinn againn.

Tionchair Timpeallachta

Beidh athruithe ar an gcomhshaol áitiúil i gceist leis an tionscadal le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochta araon. Tionchair shealadacha agus bhuana a bheidh iontu seo ar an gcomhshaol agus ar phobail. Déanfaidh an próiseas deartha gach iarracht a chinntiú go seachnófar, go laghdófar nó go maolófar tionchair dhiúltacha a mhéid is indéanta, agus go n-uasmhéadaítear éifeachtaí dearfacha.

Leictriúchán na Líne

Beidh gá le trealamh leictirithe lasnairde (OHLE) chun cumhacht leictreach a sholáthar do ghréasán DART+ chun na traenacha a chumhachtú chun freastal ar Chill Choca agus ar an iosta nua. Beidh breithnithe mar seo a leanas i gceist leis seo:

- Ní mór an soláthar cumhachta ó bhonneagar soláthair ESB a chomhaontú agus a mheasúnú faoin measúnacht tionchair carnach mar chuid den phróiseas iarratais ar Ordú Iarnróid.

- Fostáisiún a thógáil feadh na líne chun an chumhacht a sholáthar thar an leictriú 7.5km atá molta. Tá suíomh molta an fhostáisiúin siar ó Stáisiún Chill Choca agus beidh gá le fáil talún agus rochtain a fháil air ón ngréasán bóithre poiblí.
- Trealamh leictriúcháin lastuas a fhorbairt chun cumhacht a sholáthar do na línte agus do na tionchair ghaolmhara tírdhreacha agus amhairc.
- Tá ceanglais glanspáis ingearacha áirithe ag an trealamh a iompraíonn na línte cumhachta. Sainaithníodh roinnt droichead reatha mar dhroichid nach bhfuil dóthain glanspás acu don trealamh leictreach seo. Breathnaíodh ar raon roghanna ag na suíomhanna seo agus mar thoradh air sin tá gá le Droichead Alain a scartáil agus droichead nua a thógáil ina áit agus an t-iarnród atá ann cheana a athailíniú feadh cuid de thart ar 1.8km ó dheas ó Dhroichead Jackson.
- Seans go mbeidh gá le ballaí teorann agus fálú feadh an iarnróid reatha a athrú. Nuair is gá, d'fhéadfadh go mbeadh gá le harduithe balla a mhéadú chun sábháilteacht an phobail a chinntiú. Tá sé seo ábhartha go háirithe mar gheall ar thógáil trealamh líne leictreach lasnairde, chun aon riosca féideartha a chosc go bhféadfadh an pobal dul i dteagmháil le leictreachas.

Stáisiún Chill Choca

Mar thoradh ar sheirbhís iarnróid leictirithe a sholáthar go Cill Choca beidh méadú ar mhinicíocht agus ar acmhainn traenach a mheastar a mheallfaidh níos mó paisinéirí. Tabharfar aghaidh ar na tionchair fhéideartha a bhaineann le héileamh méadaithe agus le trácht ina dhiaidh sin sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT).

Iosta

Éileoidh an t-iosta atá molta fáil tailte talmhaíochta siar ó Chill Choca. Is mórfhiosa bonneagair é suíomh an iosta atá ríthábhachtach don Chlár DART+ ar fad a shíneann níos mó ná 2.7km ar fad. Tabharfar aghaidh ar na tionchair fhéideartha a bhaineann le tógáil agus oibriú an iosta atá molta san MTT agus cuirfear ar an eolas iad trí chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha.



8

Céad Chéimeanna Eile

8. Céad Chéimeanna Eile

Tuilleadh forbartha dearaidh & roghnúchán rogha

Mar thoradh ar roghnúchán rogha agus ar fhorbairt dearaidh a rinneadh, forbraíodh an Rogha Roghnaithe, atá mar fhócas ag an gcomhairliúchán poiblí seo.

Nuair a bheidh an próiseas comhairliúcháin phoiblí críochnaithe, déanfar athbhreithniú agus measúnú ar gach aiseolas agus aighneacht a fhaightear mar chuid den chéad chéim eile den fhorbairt dearaidh. Tar éis breithmheas iomlán a dhéanamh ar an aiseolas, ullmhófar tuarascáil aiseolais comhairliúcháin phoiblí chun an próiseas seo a dhoiciméadú, agus déanfar é seo a ionchorprú sa Tuarascáil Roghnúcháin Rogha.


Bainfear úsáid as an bhfaisnéis go léir a bhailíonn foireann an tionscadail chun eolas a thabhairt d’fhorbairt dearaidh an tionscadail a bheidh ina ábhar don Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT), Measúnacht Chuí (AA) (más gá), Measúnacht Riosca i gcás Tuilte Sonrach ar an Suíomh (SSFRA) (más gá), agus ar deireadh cuirfear an t-iarratas ar an Dréacht-Ordú Iarnróid faoi bhráid An Coimisiún Pleanála.

Próiseas an Ordaithe Iarnróid

Tá próiseas iarratais an Ordaithe Iarnróid leagtha amach san Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (arna leasú) agus déanfar an t-iarratas chuig An Coimisiún Pleanála. Sonróidh an EIAR cineál agus méid an tionscadail atá molta agus sainaitheoidh agus déanfaidh sé cur síos ar na tionchair ar an gcomhshaol. Sonróidh sé freisin bearta a ghlacfar chun na tionchair sin a sheachaint, a laghdú agus/nó monatóireacht a dhéanamh orthu. Tar éis an dréacht-larratas ar Ordú Iarnróid a bheith curtha faoi bhráid An Coimisiún Pleanála, tugtar cuireadh don phobal trí fhógraí poiblí aighneachtaí a dhéanamh a bhreithneoidh An Coimisiún Pleanála go cuí orthu mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

Féadfaidh an Coimisiún Pleanála éisteacht ó bhéal a reáchtáil, chun ligean don phobal tuilleadh rannpháirtíochta a sholáthar sa phróiseas cinnteoireachta don tionscadal seo. Ag éisteacht ó bhéal tabharfaidh foireann tionscadail Iarnród Éireann freagraí ar aighneachtaí agus beidh siad ar fáil lena gceistiú. Féadfaidh aon duine nó comhlacht aighneacht nó tuairim a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord maidir leis an iarratas ar Ordú Iarnróid lena n-áirítear an MTT agus na ceanglais maidir le Ceannach Éigeantach talún.

Táimid ag súil leis an iarratas a dhéanamh chuig An Coimisiún Pleanála i bhFómhar 2026.



Próiseas an MTT as a dtiocfaidh an dréacht-Ordú Iarnróid a chur faoi bhráid An Coimisiún Pleanála



9. Conas páirt a ghlacadh

Is é an comhairliúchán seo an bealach atá againn chun iarraidh oraibh, mar úsáideoirí féideartha na seirbhíse nó orthu siúd ar dóigh dóibh go mbeidh tionchar ag an bhforbairt orthu, bhur dtuairimí ar ár bpleananna a roinnt linn. Cuirfidh d'eolas áitiúil bonn eolais faoin dearadh, cabhróidh sé linn an scéim a fheabhsú agus cinnteoidh sé go n-éireoidh leatsa agus leis na pobail a mbeidh an bealach ag freastal orthu.

Tá an tréimhse chomhairliúcháin oscailte anois. Tá sonraí iomlána, lena n-áirítear dátaí deiridh chun aighneacht a fháil, ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail.

Déan teagmháil linn trí na modhanna seo a leanas:

 **Suíomh gréasáin** | <https://www.dartplus.ie/en-ie/projects/dart-depot>

 **Ríomhphost** | dartplusdepot@irishrail.ie

 **Líne fóin** | 086-2358913

Seoladh Poist

Más fearr leat scríobh chugainn, seol chugainn é nó aon chomhfhreagras chuig:

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal,
Iosta DART+,
Oifig DART+,
Iarnród Éireann,
Oibreacha Inse Chór,
Paráid Inse Chór,
Baile Átha Cliath 8,
D08K6Y3

